# Scéim Fóirithinte Tuilte Bhaile Féich-Srath an Urláir



## Nuachtlitir Meitheamh 2023

SAN EAGRÁN SEO

Hidreolaíocht & Hiodrálaicí Lch 2
Fiosruithe Láithreán Lch 3
Measúnachtaí Timpeallachta Lch 4
An chéad chéim eile Lch 5

# Scéal is déanaí

Seo an seachtú nuachtlitir ag Scéim Fóirithint Tuilte Bhaile Féich-Srath an Urláir. Ar na nithe is mó a rinneadh ó bhí an ceann roimhe ann tá an tuairisc mhionsamhlaithe hiodrálaice a chur isteach agus críochnú na bhfiosruithe láithrean i mBaile Féich.

# Anailís Hidreolaíochta agus Mionsamhlú Hiodrálaice

Tá forbairt shuntasach déanta ar an anailís hiodrálaice ón nuachtlitir dheireanach. Tugadh faoi thorthaí na Ceardlainne Teicniúla i Samhain 2022 agus cuireadh an dréacht-Tuarascáil Hiodrálaice ar fáil don chliant. Aithníonn an Tuarascáil an riosca measta reatha agus amach anseo ar tuile ag 11 chillín tuile i mBaile Féich-Srath an Urláir agus máguaird.



*Aibreán 2023 – Droichead Áirsí, Príomhshráid, Srath an Urláir*

# Fiosruithe Láithreáin (Claífort Bhaile Féich)

Chríochnaigh an conradh do na hImscrúduithe Talaimh ag claífort Bhaile Féich an obair láithreáin i mBealtaine 2023. Tá i gceist san obair seo druileáil tuargana cáblaí, poill tástála, tóireadóirí dinimiciúla agus croíleacú rothlach. Beidh torthaí tástálacha saotharlainne agus tástálacha tréscaoilteachta na gceann titime ar fáil i gceann roinnt seachtainí, agus an Tuarascáil Fhíriciúil ó na fiosruithe láithreán ina dhiaidh sin arís.



*Druileáil Tuargana Cábla ag Claífort Bhaile Féich*

# Gníomhaíochtaí Timpeallachta

## Suirbhéanna Speisialta

Tá na suirbhéanna bonnlíne speisialta do Scéim Fóirithinte Bhaile Féich-Srath an Urláir ar leanúint, agus cuid acu réidh:

- Tá Tuarascáil Ghníomhaíochta Suirbhé na nIaltóg réitithe

## Bearta Nadúrtha Coinneála Uisce (NWRM)

Tá foireann an tionscadail ag obair leo ar an mheasúnú ar fhéidearthacht i dtaca le NWRM in abhantraigh Bhaile Féich-Shrath an Urláir chun an riosca tuile a mhaolú. Tá mapáil déanta ar na habhantraigh. Tá an tuarascáil indéantachta á réiteach faoi láthair.

## Hidreamoirfeolaíocht

Déanann an hidreamoirfeolaíocht imscrúdú ar an tionchar a bhíonn ag gníomhaíocht dhaonna agus nadúrtha ar hidreolaíocht agus ag geomoirfeolaíocht uisce agus na héiceachóras lena dtacaíonn siad. Beidh an suirbhé bonnlíne hidreolaíochta do SFT Bhaile Féich-Srath an Urláir ar siúl le linn an tsamhraidh.

# An chéad chéim eile

Sna míonna beaga romhainn, beidh Foireann an Tionscadail ag obair ar na nithe a leanas:

- **Measúnú a dhéanamh ar chaighdeán reatha cosanta tuilte tar éis fiosrú a chur i gcrích ar chlaífoirt na Finne i mBaile Féich.**
- **Leanúint de na Suirbhéanna Speisialta Timpeallachta**
- **Leanúint den mheasúnú ar fhéidearthacht ar Bhearta Nadúrtha Coinneála Uisce (NWRM)**
- **Leanúint den dréachtú ar Thuarascálacha Scagtha agus Scópála Measúnaithe Tionchair Timpeallachta chomh luath agus a bheidh bailchríoch ar pharaiméadair agus ar roghanna na scéime**
- **Tús a chur le Suirbhé Hidreamoirfeolaíochta**
- **Tús a chur le forbairt roghanna do cheantair ina bhfuil riosca tuile**

# Teagmháil

**Dá mba mhaith leat teagmháil a dhéanamh le Foireann an Tionscadail faoi aon ní a bhaineann le Scéim Fóirithinte Bhaile Féich-Srath an Urláir, seo a leanas na sonraí:**

## Ríomhphost

Ballybofey-StranorlarFRS@ByrneLooby.com

## Post

Project Manager Ballybofey-Stranorlar FRS
ByrneLooby
Foirgneamh 2100
Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí
Bóthar Chionn tSáile
Corcaigh

## Fón

+353 (0) 21 240 7988

## Tá tuilleadh eolais agus clár na Scéime ar fáil ar ár suíomh gréasáin:

www.floodinfo.ie/frs/en/ballybofey-stranorlar/home/